# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

SCRÚDÚ AN TEASTAIS SHÓISEARAIGH, 2007

# LÉANN CLASAICEACH – GNÁTHLEIBHÉAL

DÉARDAOIN, 21 MEITHEAMH – MAIDIN, 9.30 go 12.00

Tá ceisteanna anseo ar **dheich dtopaic.**
Tá na topaicí roinnte mar seo a leanas:
Na topaicí 1 – 5 = **ROINN A** – An Saol Gréagach
Na topaicí 6 – 10 = **ROINN B** – An Saol Rómhánach

Ní mór d'iarrthóirí ceisteanna a fhreagairt ar **chúig thopaic,** mar leanas:
**dhá** thopaic as **ROINN A;**
**dhá** thopaic as **ROINN B;**
an **cúigiú** topaic as **ROINN A** nó **B**

Tá 80 marc ag gabháil le gach topaic.
Marcanna iomlána don pháipéar = (80 x 5) = 400.

Na fótagraif a bhfuil gá leo chun roinnt de na ceisteanna a fhreagairt, tá siad ar fáil ar pháipéar ar leith, marcáilte **X**, a ghabhann leis an bpáipéar seo.

| **ROINN A – An Saol Gréagach** | **ROINN B – An Saol Rómhánach** |
|---|---|
| Topaic 1: Fraoch Aichill | Topaic 6: Aeinéas ar a Shiúlta. |
| Topaic 2: An Ghréig agus an Pheirs. | Topaic 7: Téatar na Rómhánach – Coiméide. |
| Topaic 3: Beatha agus Bás Shócraitéas. | Topaic 8: Beatha agus Comhaimsir Iúil Caesar. |
| Topaic 4: Micéiné agus an Traí. | Topaic 9: Cathair Rómhánach – Poimpé. |
| Topaic 5: Acrapail na hAithine. | Topaic 10: An tArm Rómhánach. |

# ROINN A

## An Saol Gréagach

**Topaic 1: Fraoch Aichill.**

Ba cheart tabhairt faoi na páirteanna **uile -** *(a), (b)* agus *(c).*

(*a*) Freagair **trí** cheist díobh seo a leanas. Is leor abairt nó dhó i gcás gach freagra. Is fiú ocht marc gach ceist.

(i) I Leabhar I den **Íliad** cén fáth a sméideann Séas a cheann?

(ii) Cé a thógann Chryseis ar ais go dtí a hathair?

(iii) Cén duine a malartaíonn Glaucus a armúr óir leis ar chré-umha?

(iv) Cad a chuireann eagla ar Astyanax i Leabhar 6 den **Íliad**?

(v) Cé hí Hecabe?

(vi) Cén cíos a sheolann Séas go dtí a mhac Sarpedon mar chomhartha measa? (24)

(*b*) (i) Cén fáth ar iarr Patroclus ar Aichill dul i gceannas ar na Myrmiodóin sa chath? (8)

(ii) Cad a d'iarr Aichill ar Shéas nuair a ghuigh sé i Leabhar 16 é? (8)

(iii) Mínigh cad a tharla nuair a rinne Patroclus iarracht ar bhallaí na Traí a dhreapadh. (8)

(iv) Déan cur síos ar an gcaoi ar maraíodh Patroclus. (8)

(*c*) Léigh an sliocht seo a leanas as Leabhar 19 den **Íliad**, agus ansin freagair na ceisteanna ina dhiaidh.

'A linbh, is le toil na ndéithe a leagadh an fear atá ina luí anseo ar lár. Dá mhéad é do dhobrón, lig leis siúd anois agus tóg an t-armúr suntasach seo a thug mé chugat ó Héafaestas. Tá sé ollásach amach. Níor chaith daonnaí ar bith a leithéid riamh cheana.' Agus na focail seo ráite aici, leag an bandia an t-armúr os comhair Aichill. Baineadh torann ard as agus chrith na Myrmiodóin le heagla. Ní fhéadfaidís féachaint air agus chúlaigh siad uaidh. Ach dá mhéad a d'fhéach Aichill, is ea is mó a mhéadaigh ar a fhraoch in aghaidh Eachtair. Labhair sé lena mháthair: 'A mháthair, armúr seo na ndéithe – ní fhéadfadh lámh an duine é a dhéanamh choíche. Cuirfidh mé m'éide orm anois, mar sin, chun catha.'

(i) Cé atá ag caint le hAichill sa sliocht thuas? (6)

(ii) Cén dia a sheol "an t-armúr suntasach" chuig Aichill? (6)

(iii) Ón léamh atá déanta agat ar an **Íliad**, luaigh ócáid **amháin** eile nuair a thugann an cainteoir sa sliocht cúnamh d'Aichill. (6)

(iv) Cén fáth ar theastaigh armúr nua ó Aichill? (6)

(80 marc)

**Topaic 2: An Ghréig agus an Pheirs.**

Ba cheart tabhairt faoi na páirteanna **uile -** *(a), (b)* agus *(c).*

(*a*) Freagair **trí** cheist díobh seo a leanas. Is leor abairt nó dhó i gcás gach freagra.
Is fiú ocht marc gach ceist.

(i) Agus é ar a shlí chun cúnamh a lorg do na hAithinigh in aghaidh na bPeirseach ag Maratón, cén dia ar bhuail an teachtaire Pheidippides leis?

(ii) Cén cineál saighdiúra a thaispeántar i bhFótagraf **1** ar Pháipéar **X**?

(iii) Cérbh é Demaratus? Cén fáth a raibh cónaí air sa Pheirs?

(iv) Cén fáth ar sheol na Peirsigh timpeall ar Sunium tar éis Chath Mharatóin?

(v) Nuair a bhí Xeirxéas ag féachaint ar Chath Salamis, cad a dúirt sé lena scríobhaithe a scríobh síos?

(vi) Cén cineál loinge a thaispeántar i bhFótagraf **2** ar Phaipéar **X**? (24)

(*b*) (i) Cén ceannaire a bhí ar arm na Peirse ag Cath Thearmápalae? (8)

(ii) Cad a bhain siar as na Peirsigh maidir le hiompar na Spartach roimh an chath? (8)

(iii) Cén chaoi ar éirigh leis na Spartaigh oiread sin Peirseach a mharú sa chath seo? (8)

(iv) Cén chaoi ar bhuaigh na Peirsigh ar na Spartaigh sa chath seo? (8)

(*c*) Léigh an cur síos seo a leanas as **Na Leabhair Staire** le Héaradatas agus ansin freagair na ceisteanna ina dhiaidh.

Tá an bia is breátha le fáil sna háiteanna is faide i gcéin ar domhan, ach sa Ghréig atá an aimsir is fearr. Is í an India an tír is faide soir. Tá na hainmhithe agus na héin anseo níos mó ná mar atá in áiteanna eile. Tá teacht ar na múrtha óir anseo, é goidte uaireanta ó sheangáin atá chomh mór le sionnaigh. Tochlaíonn na créatúir seo sa talamh agus caitheann siad an gaineamh aníos ina ualaí carntha. Tá mórán óir sa ghaineamh. Beartaíonn muintir na hIndia a gcuid turas amach a dhéanamh an uair is brothallaí atá an lá agus na seangáin faoi thalamh. Líonann siad a málaí le gaineamh agus filleann said abhaile ar cosa in airde; mar faigheann na seangáin a mboladh (más fíor do na Peirsigh é), agus ritheann siad ina ndiaidh.

(i) Sa sliocht thuas, cén áit a deir Héaradatas a bhfuil teacht ar an mbia is breátha? (6)

(ii) Luaigh **dhá** phíosa eolais a thugann Héaradatas maidir leis an India sa sliocht seo. (6)

(iii) Tugtar “athair na mbréag” ar Héaradatas uaireanta. An bhfuil aon rud sa sliocht thuas a thabharfadh ort aontú leis an teideal seo ar Héaradatas? (6)

(iv) An bhfuil aon rud sa sliocht a thabharfadh le tuiscint go mb’fhéidir nach gcreideann Héaradatas gach rud atá scríofa aige? (6)

(80 marc)

**Topaic 3: Beatha agus Bás Shócraitéas.**

Ba cheart tabhairt faoi na páirteanna **uile -** *(a), (b)* agus *(c).*

(*a*) Freagair **trí** cheist díobh seo a leanas. Is leor abairt nó dhó i gcás gach freagra. Is fiú ocht marc gach ceist.

(i) Cén aois inar mhair Sócraitéas?

(ii) Cad é an t-aon phost oifigiúil a bhí ag Sócraitéas riamh san Aithin?

(iii) Cérbh é Evenus as Paros?

(iv) Cén chaoi ar cuireadh Sócraitéas i láthair i ndráma Arastafainéis **Na Scamaill,** dar le Sócraitéas féin?

(v) Cad a d'iarr Sócraitéas ar an ngiúiré maidir lena chlann mhac?

(vi) Cad a mhol Sócraitéas de rogha ar phionós an bháis? (24)

(*b*) (i) Cén fáth a seoladh na hAithinigh bád go Delos gach bliain? (8)

(ii) Luaigh argóint **amháin** a rinne Crito chun a áiteamh ar Shócraitéas éalú. (8)

(iii) Luaigh fáth **amháin** ar dhiúltaigh Sócraitéas éalú as príosún. (8)

(iv) Cad a chreid Sócraitéas i dtaobh an bháis? (8)

(*c*) Léigh an sliocht seo a leanas as **Apologia** Phlatón agus freagair na ceisteanna ina dhiaidh.

SÓCRAITÉAS: Abair liom, a chara, cé a dhéanann leas na hóige?
MELETUS: Na fir uaisle seo, a Shócraitéas, baill an ghiúiré.
SÓCRAITÉAS: An ndeir tú, a Mheletus, go mbíonn dea-thionchar acu orthu nó nach mbíonn?
MELETUS: Dea-thionchar, cinnte.
SÓCRAITÉAS: An mbaineann sé seo le gach ball den ghiúiré, nó le cuid díobh amháin?
MELETUS: Leo go léir.
SÓCRAITÉAS: Ar fheabhas ar fad! Soláthar maith lucht dea-mhéine. Abair liom mar sin, an mbíonn dea-thionchar ar an dream óg ag an slua seo atá ag freastal ar an gcúirt?
MELETUS: Bíonn.
SÓCRAITÉAS: Agus cad faoi bhaill na Comhairle?
MELETUS: Sea, na Comhairleoirí freisin.
SÓCRAITÉAS: Ach níl tú á rá, Meletus, go ndéanann baill an Tionóil aimhleas na ndaoine óga? Nó an mbíonn dea-thionchar ag gach duine díobh orthu?
MELETUS: Sea, bíonn.
SÓCRAITÉAS: Tá an chuma ar an scéal, mar sin, go ndéanann pobal na hAithine ar fad leas na ndaoine óga, ach mise amháin; agus is mise amháin a dhéanann a n-aimhleas. An é sin atá á rá agat?
MELETUS: Cinnte dearfa, is é atá á rá agam.

(i) Sa sliocht seo, cé hiad an chéad dream atá luaite a mbíonn dea-thionchar acu ar dhaoine óga? (6)

(ii) Cé hiad na daoine eile, dar le Meletus, a mbíonn dea-thionchar acu ar dhaoine óga? (6)

(iii) Seachas Meletus, ainmnigh an bheirt chúisitheoirí eile a bhí ag Sócraitéas. (6)

(iv) Cad a thugtar ar an gcineál ceistiúcháin atá sa sliocht seo? (6)

(80 marc)

**Topaic 4: Micéiné agus an Traí.**

Ba cheart tabhairt faoi na páirteanna **uile -** *(a), (b)* agus *(c)*.

(*a*) Freagair **trí** cheist díobh seo a leanas. Is leor abairt nó dhó i gcás gach freagra. Is fiú ocht marc gach ceist.

(i) Cérbh é fear céile Héilin sular éalaigh sí le Paris?

(ii) Cad ba ea an Simois?

(iii) Cad é tuama tólais? Ainmnigh tuama tólais cáiliúil.

(iv) Cad a thaispeántar i bhFótagraf **3** ar Pháipéar **X**?

(v) Cén daingean inar chónaigh Neastór?

(vi) Cad a chuir Carl Blegen leis an eolas atá againn ar an Traí? (24)

(*b*) (i) Cad a dúirt Heinrich Schliemann a spreag a spéis den chéad uair sa Traí agus é ina leanbh? (8)

(ii) Cén tír ina bhfuil Hisarlik sa lá inniu? (8)

(iii) Cá mhéad leibhéal den Traí ar tháinig Schliemann orthu? (8)

(iv) Luaigh botún **amháin** a rinne Schliemann ina chuid tochailtí sa Traí. (8)

(*c*) (i) Cad a thaispeántar i bhFótagraf **4** ar Pháipéar **X**? (6)

(ii) Ainmnigh **dhá** láithreán seandálaíochta ina bhfuarthas déantúsáin dá leithéid seo? (6)

(iii) Cén duine ar éirigh leis an scríbhneoireacht ar na déantúsáin seo a léamh den chéad uair? (6)

(iv) Cén cineál eolais a thugann na déantúsáin seo dúinn i dtaobh shochaí Mhicéiné? (6)

(80 marc)

**Topaic 5: Acrapoil na hAithine.**

Ba cheart tabhairt faoi na páirteanna **uile -** *(a), (b)* agus *(c).*

(*a*) Freagair **trí** cheist díobh seo a leanas. Is leor abairt nó dhó i gcás gach freagra. Is fiú ocht marc gach ceist.

(i) Cad is *peplos* ann?

(ii) Cén t-ord ailtireachta ina bhfuil an teampall a thaispeántar i bhFótagraf **5** ar Pháipéar **X**?

(iii) Cad is cairiaitid ann? Cá bhfeicfeá ceann díobh ar an Acrapoil?

(iv) Cén chaoi a bhfuair Peiricléas bás?

(v) Cad is stíleabáit ann? Tig leat léaráid a úsáid i do fhreagra.

(vi) Cad a chiallaíonn an focal *Acrapoil*? (24)

(*b*) (i) Cérbh iad Iktinos agus Kallikrates? (8)

(ii) Cad iad na hábhair a bhfuil an dealbh *chriseilifintiúil* d'Aitéiné déanta astu? (8)

(iii) Cérbh é an dealbhóir a bhí freagrach sa dealbh seo a dhéanamh? (8)

(iv) Cén áit ar an bPartanón a bhfeicfeá peidiméid? Tig leat léaráid a tharraingt más mian leat. (8)

(*c*) Léigh an sliocht seo a leanas as an **Aitheasc Sochraide** le Peiricléas agus freagair na ceisteanna ina dhiaidh.

"Tugtar daonlathas ar ár mbunreacht toisc nach i lámha an bheagáin atá an chumhacht, ach i lámha na ndaoine. Mar sin féin, ní haon ghnáthchathair choitianta í an ceann againne. Níl aon chathair eile ann a chruthaíonn oiread caitheamh aimsire don mheanma – comórtais agus íobairtí i gcaitheamh na bliana ar fad agus scéimh sna foirgnimh phoiblí chun an croí a ardú agus an tsúil a mhealladh ó lá go lá. Is breá linn an rud álainn gan dul thar fóir leis agus is breá linn an ghaois gan a bheith bog. Tuigtear dúinn go gcaitear maoin a úsáid i gceart, agus gan a bheith maíteach dá barr. Oideachas don Ghréig ar fad is ea an chathair againne."

(i) Deir Peiricléas go bhfuil an daonlathas i réim san Aithin. Cad a thuigeann Peiricléas le 'daonlathas'? (6)

(ii) Luaigh **dhá** rud a deir Peiricléas atá le tairiscint ag an Aithin. (6)

(iii) Luaigh **dhá** mholadh a thugann sé do mhuintir na hAithine. (6)

(iv) An measann tú gur oideachas dúinne inniu is ea an Aithin ársa? Luaigh fáthanna le do fhreagra. (6)

(80 marc)

[Thall

## ROINN B

## An Saol Rómhánach

**Topaic 6: Aeinéas ar a Shiúlta.**

Ba cheart tabhairt faoi na páirteanna **uile -** *(a), (b)* agus *(c)*.

(*a*) Freagair **trí** cheist díobh seo a leanas. Is leor abairt nó dhó i gcás gach freagra. Is fiú ocht marc gach ceist.

(i) Cad é an t-oileán a raibh Aeinéas ag seoladh uaidh nuair a séideadh dá chúrsa é go dtí an Chartaig?

(ii) Cén chaoi ar maraíodh Priam? Cé a mharaigh é?

(iii) Cé hí Creusa? Cad a tharlaíonn di?

(iv) Cén t-ainm atá ar athair Aeinéas?

(v) Cé hí Anna?

(vi) Cén geata ar fhág Aeinéas an Domhan Thíos tríd? (24)

(*b*) (i) Cén gaol atá idir Véineas agus Aeinéas? (8)

(ii) Luaigh cúis **amháin** a bhfuil an ghráin ag Iúnó ar mhuintir na Traí. (8)

(iii) Cén chaoi a gcruthaíonn Iúnó trioblóid d'Aeinéas i Leabhar I? (8)

(iv) Cén chaoi a dtugann Neiptiún cúnamh d'Aeinéas i Leabhar I? (8)

*(c)* Léigh an sliocht seo a leanas as Leabhar 6 den **Aeinéid**, agus ansin freagair na ceisteanna ina dhiaidh.

Bhí Díodó ag imeacht ar fán ina measc sa choill ollmhór sin agus a créacht fós úr. Nuair a stop an gaiscíoch as an Traí taobh léi, á haithint sa dorchadas, ar chuma an fhir a fheiceann an ghealach nua, nó ar dóigh leis a bhfuil sí feicthe aige, ag éirí trí na scamaill ag tús na míosa, chaoin sé ar an toirt agus labhair focail bhoga an ghrá léi: 'b'fhíor an scéala a thug siad chugam, mar sin, a Dhíodó mhíshona? Dúirt siad liom go raibh tú marbh agus gur leis an gclaíomh a chuir tú deireadh leat féin. M'ochón! M'ochón! An mise faoi deara do bhás? Tugaim mo mhóid ar na réaltaí, ar na déithe lastuas, gur in aghaidh mo thola, a Bhanríon liom, a d'fhágas do chladach. Ordú na ndéithe a thiomáin chun cinn mé, mar a thiomáineann sé anois mé trí dhorchadas na hoíche seo. Níorbh fhéidir dom a chreidiúint go gcuirfí oiread dobróin ort agus mise a imeacht. Ná bog uaim. Ná fág mo radharc. Cé uaidh atá tú ag rith?' Agus na focail seo á rá aige, rinne Aeinéas agus é ag caoineadh, iarracht sólás a thabhairt don bhean ardmheanmach, ach choinnigh sí a súile le talamh, agus dreach gruama uirthi, gan oiread is aon fhéachaint amháin a thabhairt air.

(i) Ar an bhfianaise sa sliocht seo, cá bhfuil Aeinéas? (4)

(ii) Déan an tsamhail atá sa sliocht a aithint. (6)

(iii) Sa sliocht seo, cén fáth, a deir Aeinéas, ar fhág sé Díodó? (6)

(iv) An gceapann tú go bhfuil an ceart ag Díodó gan labhairt leis? Luaigh fáth le do fhreagra. (8)

(80 marc)

**Topaic 7: Téatar na Rómhánach – Coiméide: An Saighdiúir Maíteach.**

Ba cheart tabhairt faoi na páirteanna **uile -** *(a), (b)* agus *(c)*.

(*a*) Freagair **trí** cheist díobh seo a leanas. Is leor abairt nó dhó i gcás gach freagra.
Is fiú ocht marc gach ceist.

(i) Cén baile ina bhfuil **An Saighdiúir Maíteach** lonnaithe?

(ii) Cén aois a mhaíonn Periplectomenus atá aige?

(iii) Cé hí Milphidippa?

(iv) Cé a deir an méid seo a leanas **agus** cé leis a ndeirtear é: "Haidhe, a fhir an bháid, bain do liopaí óna béal siúd, don diabhal leat"?

(v) Cad é an séad suirí a thugann Acroteleutium do Pyrgopolynices?

(vi) Cé hé Cario? (24)

(*b*) (i) Mínigh cén chaoi ar tharla Palaestrio a bheith ina chónaí i dteach Pyrgopolynices. (8)

(ii) Mínigh cén chaoi a n-imríonn Palaestrio cleas ar Sceledrus, an sclábhaí baoth, chun go gcreidfeadh sé nach bhfaca sé Philocomasium ag pógadh Pleusicles. (8)

(iii) Mínigh cén chaoi a n-imríonn Palaestrio cleas ar Pyrgopolynices chun cead a chinn a thabhairt do Philocomasium. (8)

(iv) Cad a tharlaíonn do Palaestrio ag deireadh an dráma? (8)

(*c*) (i) Sa choiméide Rómhánach cad is 'caint i leataobh' ann? (6)

(ii) Cad is stoc-phearsa ann? Luaigh sampla **amháin** de stoc-phearsa as **An Saighdiúir Maíteach?** (6)

(iii) Cad is *scaenae frons* ann? (6)

(iv) Luaigh **dhá** chúis ar chaith aisteoirí Rómhánacha mascanna. (6)

(80 marc)

**Topaic 8: Beatha agus Comhaimsir Iúil Caesar.**

Ba cheart tabhairt faoi na páirteanna **uile -** *(a), (b)* agus *(c).*

(*a*) Freagair **trí** cheist díobh seo a leanas. Is leor abairt nó dhó i gcás gach freagra.
Is fiú ocht marc gach ceist.

(i) Cérbh í máthair Chaesair?

(ii) Cé a dúirt "is mó Mairias atá sa bhuachaill seo"?

(iii) Cén fáth ar chuir Caesar in aghaidh phionós an bháis i gcás lucht na Comhcheilge Caitilíní?

(iv) Cad a dúirt Caesar nuair a thug Theodotus ceann Phoimpéas chuige san Éigipt?

(v) Cén áit ar throid Caesar a chogadh deireanach?

(vi) Luaigh socrú **amháin** a rinne Caesar ina uacht. (24)

(*b*) (i) Cén gaol cleamhnais a bhí idir Caesar agus Poimpéas? (8)

(ii) Ainmnigh an fear ba shaibhre sa Róimh a rialaigh in eineacht le Caesar agus Poimpéas. (8)

(iii) Déan cur síos ar an méid a rinne Poimpéas nuair a thrasnaigh Caesar an Rubicon. (8)

(iv) Cén chaoi a bhfuair Brutus bás? (8)

(c) Léigh an sliocht seo a leanas as **Titim Phoblacht na Róimhe** le Plútarc, agus freagair na ceisteanna thíos.

Agus go gairid ina dhiaidh sin phós Caesar Calpurnia, iníon le Piso, agus d'fhéach sé chuige gur toghadh Piso ina chonsal don bhliain dar gcionn. Chuir Cató ina aghaidh seo go fíochmhar agus dúirt go hard gurbh ainnis an scéal é go mbeadh an rialtas faoi chuing ag socruithe pósta agus gur mheasa fós fir a fheiceáil á mbrú féin chun cinn i bpoist ardghradaim agus i gceannas ar chúigí agus ar airm, trí mheán na mban. Maidir le Bibulus, comhghleacaí Chaesair, ní hé amháin gur theip glan air reachtaíocht Chaesair a bhac, ach bhí sé féin, agus Cató ina theannta, i mbaol a maraithe go minic san fhóram. Dhún sé é féin isteach ina theach, dá bhrí sin, agus d'fhan ann an chuid eile dá théarma in oifig.

(i) Bunaithe ar an bhfianaise sa sliocht seo, cén fáth ar phós Caesar Calpurnia, dar leat? (6)

(ii) Cén bharúil a bhí ag Cató faoin bpósadh seo? (6)

(iii) Cén bhean chéile a bhí ag Poimpéas an tráth sin? (6)

(iv) Cén fáth nach raibh Bibulus in ann reachtaíocht Chaesair a bhac? (6)

(80 marc)

**Topaic 9: Cathair Rómhánach – Poimpé.**

Ba cheart tabhairt faoi na páirteanna **uile -** *(a), (b)* agus *(c).*

(*a*) Freagair **trí** cheist díobh seo a leanas. Is leor abairt nó dhó i gcás gach freagra. Is fiú ocht marc gach ceist.

- (i) Cad is *palaestra* ann?
- (ii) Cén chuid de theach Poimpéach a thaispeántar i bhFótagraf **6** ar Pháipéar **X**?
- (iii) Cad is *palla* ann?
- (iv) Cén bhaint atá ag Giuseppe Fiorelli le Poimpé?
- (v) Cad a thaispeántar i bhFótagraf **7** ar Pháipéar **X**?
- (vi) Cén bandia a thug cosaint do gheataí Phoimpé? (24)

(*b*)

- (i) Cá mhéad téatar a bhí i bPoimpé? (8)
- (ii) Luaigh rud **amháin** a bhain le dul go dtí an téatar i bPoimpé a bheadh neamhchoitianta, dar linn, inniu. (8)
- (iii) Luaigh fáth **amháin** a raibh dearadh sármhaith ar théatair na Rómhánach, meastar. (8)
- (iv) Seachas an téatar, luaigh **dhá** chaitheamh aimsire eile a bhí ag muintir Phoimpé. (8)

(*c*)

- (i) Cén tionscal a thaispeántar i bhFótagraf **8** ar Pháipéar **X**? (6)
- (ii) Cén t-ainm a tugadh ar cheanncheathrú an tionscail seo? (6)
- (iii) Féach ar Fhótagraf **8** agus tabhair cuntas gearr ar phríomhchéimeanna an tionscail seo. (6)
- (iv) Cén gnó a bhfuil baint ag Fótagraf **9** ar Pháipéar **X** leis? (6)

(80 marc)

**Topaic 10: An tArm Rómhánach.**

Ba cheart tabhairt faoi na páirteanna **uile -** *(a), (b)* agus *(c)*.

(*a*) Freagair **trí** cheist díobh seo a leanas. Is leor abairt nó dhó i gcás gach freagra. Is fiú ocht marc gach ceist.

(i) Cad ab ea an Garda Praetóireach?

(ii) Cén fáth a dtugtaí Miúileanna Mhairias ar shaighdiúirí Rómhánacha?

(iii) Cén leacht cuimhneacháin a thaispeántar i bhFótagraf **10** ar Pháipéar **X**?

(iv) Féach ar Fhótagraf **11** ar Pháipéar **X**. Cén ghné chosanta cháiliúil a thóg na Rómhánaigh i Sasana, a thaispeántar?

(v) Cad ab ea *corona civica*?

(vi) Cad ab ea *ballista*? (24)

(*b*) Luaigh fíric **amháin** maidir le saighdiúir léigiúnach Rómhánach faoi na ceannteidil seo a leanas:

(i) Éide (8)
(ii) Airm (8)
(iii) Coinníollacha maireachtála sa dún (8)
(iv) An chaoi a gcaithfeadh sé a chuid ama saor. (8)

(*c*) Taispeánann Fótagraf **12** ar Pháipéar **X** arm na Rómhánach ag déanamh bóthair. Féach ar an bhfótagraf agus freagair na ceisteanna seo a leanas:

(i) Cén fáth is mó ar tógadh bóithre dá leithéid? (8)

(ii) Cén t-ainm a tugadh ar an uirlis a úsáidtí chun línte díreacha agus uillinneacha ingearacha a thomhas? (8)

(iii) Déan staidéar ar an bpictiúr agus tabhair cuntas gearr ar an gcaoi ar tógadh bóithre Rómhánacha. (8)

(80 marc)

# Leathanach Bán